



Ealaíontóir Grafach– Conradh Cuspóra Seasta – Saoire Mháithreachais a chlúdach

Is mian le TG4 Ealaíontóir Grafach a earcú chun tréimhse saoire mháithreachais a chlúdach. Ag freagairt don Bhainisteoir Cruthaitheach, beidh an tEalaíontóir Grafach freagrach as ábhar cruthaitheach a chruthú atá dírithe ar phobal féachana ar leith, trasardáin.

An Ról

Beidh an té a cheapfar freagrach as ábhar físiúil, cruthaitheach agus nuálach a dhearadh do thograí ar leith, chomh maith le hAitheantais agus Brandaí TG4 a fhorbairt trí ábhar cumarsáide atá físiúil agus ar ardchaighdeán a chruthú trasardáin. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh:

- Dearadh a dhéanamh ar Ardáin (m/sh Aipeanna, Suíomhannasrl)
- Ábhar cumarsáide físiúil a chruthú, trasardáin
- Brandaí a dhearadh agus cur le brandaí reatha
- Ábhar Clóite a dhearadh
- Ábhar Físe a chruthú
- Ábhar a chruthú d’Fheachtais Blaisíní / Margáiochta / Fógraíochta
- Cúram a dhéanamh do chearta a bhaineann le hábhar léirithe
- Tograí ar leith a stiúradh ó am go chéile (m/sh Blaisín, Fógra, Mír Físe Gearrfhoirme)

Nithe atá riachtanach don phost seo:

A bheith tiomanta d’Fhís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.

Tuiscint, taithí agus saineolas ar na réimsí dearaidh is déanaí. Eolas ar bhogearraí agus nósmaireachtaí dearaidh atá reatha agus nuálach: Adobe After Effects, Adobe Media Encoder, Adobe Photoshop, Adobe Illustrator, Adobe InDesign, Canva, Adobe XD, Adobe Premiere agus Final Cut X.

A bheith ábalta feidhmiú go muiníneach as do stuaim féin, go héifeachtach, i dtimpeallacht spreagúil.

Fócas dearfach, cumas maith foirne agus taithí chruthaithe ar ábhar físiúil a chruthú.

A bheith ábalta spriocanna oibre a chomhlíonadh agus a chinntiú go mbeidhábhar, a bheidh ar ardchaighdeán, réidh agus ar fáil in am.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

A bheith sásta freastal ar an láthair oibre sa gCeannáras de réir mar a oireann.

Is 4pm Dé Máirt an 13 DeireadhFómhair an spriocdháta d’iarratais. Seol d’iarratas mar aon le litir iarratais agus soeríl/sampla oibre chuig cv@tg4.ie.

Is fostóir comhionannas deiseanna é TG4. Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4. Tacaíonn TG4 le daoine faoi mhíchumas a fhostú.